An Roinn Oideachais
Department of Education

**Litir Chiorcláin Uimh.: 0030/2024**

**Chuig: Príomhfheidhmeannach gach Bord Oideachais agus Oiliúna**

# Socruithe do Thoghchán Foirne chuig Boird Oideachais agus Oiliúna (2024)

A Phríomhfheidhmeannaigh, a chara,

Tá na socruithe do gach céim de thoghchán foirne na mBOO leagtha amach in Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (Toghchán Foirne) Rialacháin 2014 & 2019 (na “Rialacháin”). Déantar foráil sna Rialacháin freisin, nuair is féidir, do chomhdhéanamh painéil chun corrfholúntais a líonadh.

Is é cuspóir an Chiorcláin seo ná soiléiriú a thabhairt maidir le gnéithe áirithe den fheidhmiú ginearálta. Beidh an Litir Chiorcláin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.education.ie).

Ní mór an doiciméad seo a léamh in éineacht leis na Rialacháin.

## 1. Toghchán baill foirne chuig Boird Oideachais agus Oiliúna

1.1 Déantar foráil in Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 (an tAcht) go dtoghfaidh comhaltaí foirne incháilithe beirt bhall foirne incháilithe chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna. Tá foráil sna rialacháin gur bean amháin agus fear amháin a bheidh sna comhaltaí foirne sin a thoghfar i leith gach boird oideachais agus oiliúna.

1.2 Chun críocha toghcháin 2024, is ionann “ball foirne incháilithe” agus duine atá fostaithe ar 4 Márta 2024 mar bhall foirne ag an BOO agus a bhfuil a luach saothair i leith na fostaíochta á íoc ag an BOO.

1.3 Ar mhaithe le soiléirithe, baineann ball foirne incháilithe le:

(a) Baill foirne atá ar chonradh seirbhíse ar 4 Márta 2024. Bheadh baill foirne bhuana, lánaimseartha agus páirtaimseartha pro ráta san áireamh ina leithéid de chatagóirí foirne.

**Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659**
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
T +353 090 648 3769 | financialetb@education.gov.ie
www.education.ie

(b) Baill foirne nach bhfuil ar chonradh seirbhíse ar 4 Márta 2024 ach a thug seirbhís ar an dáta sin a bhfuil luach saothar mar chúiteamh ar an tseirbhís sin. D'áireofaí baill foirne páirtaimseartha ar íocaíocht in aghaidh na huaire ar na catagóirí seirbhíse sin.

(c) Baill foirne Foireann i Scoileanna Pobail/Náisiúnta/Speisialta/Ospidéil atá fostaithe ag BOO, cibé an bhfuil siad á n-íoc ar phárolla an BOO nó an bhfuil an párolla á éascú ag an Roinn ar a son, ar choinníoll go bhfuil siad fostaithe ag an BOO ar an 4 Márta 2024.

## 2. Oifigeach Comhairimh

2.1 Tá Príomhfheidhmeannach an BOO ceaptha ag an Aire Oideachais mar oifigeach comhairimh don BOO chun críocha toghchán foirne an BOO.

2.2 Beidh an tOifigeach Comhairimh freagrach, faoi réir ag na Rialacháin, d'imeachtaí na dtoghchán.

## 3. Féilire don phróiseas toghchánach

3.1 Tá féilire dátaí le haghaidh cur i bhfeidhm na dtoghchán seo ar fáil in Aguisín 1 den Chiorclán seo.

3.2 Is é an tAire a shocraigh formhór na ndátaí sa sceideal, de réir na Rialachán, agus níl aon chumhacht ag oifigeach comhairimh na dátaí sin a athrú go haontaobhach.

## 4. Incháilitheacht roinnt foirne BOO do bhallraíocht BOO

4.1 Ag féachaint don inmhianaitheacht an t-idirdhealú a choinneáil idir feidhmeanna forchoimeádta agus feidhmeanna feidhmiúcháin, agus de réir Alt 32(2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 tá, ar ordú an Aire, na gráid foirne shinsearacha bhainistíochta seo a leanas i mBOO neamh-incháilithe le haghaidh ballraíocht bhord oideachais agus oiliúna:

- Príomhfheidhmeannach;
- Stiúrthóir Scoileanna;
- Stiúrthóir Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha;
- Stiúrthóir Breisoideachais & Oiliúna;
- Oifigeach Oideachas Aosach;

- Oifigeach Pearsanra;
- Oifigeach Airgeadais;
- Príomhoide Scoile;
- Bainisteoir agus Bainisteoir Cúnta Ionad Oiliúna;
- Bainisteoir Ionad Oideachais.

4.2 Ar an gcaoi chéanna, ar ordú an Aire, tá gach grád foirne eile, a mbaineann a gcuid dualgais go hiomlán nó go príomha le cúramaí riaracháin, feidhmiúcháin nó cléireachais agus a bhfuil an t-uasluach saothair níos airde ná an t-uasluach saothair a íoctar i gcás grád Oifigeach Cléireachais, neamh-incháilithe do bhallraíocht ar Bhord Oideachais agus Oiliúna.

## 5. Rolla na dtoghthóirí

5.1 Caithfear rollaí sealadacha na dtoghthóirí ar a mbeidh ainmneacha agus seoltaí na mball foirne incháilithe a ullmhú chun críocha toghchán na mball foirne.

5.2 Ba chóir uimhir uathúil a shannadh do gach duine nuair a chuirtear ar an rolla iad.

5.3 D'fhéadfadh gur seoladh oibre seachas seoladh baile toghthóra a bhíonn ar rolla na dtoghthóirí.

## 6. Ceisteanna

6.1 Tá doiciméad Ceisteanna Coitianta maidir le toghchán foirne ar bhoird BOO leagtha amach in Aguisín 2 den chiorclán seo. Ba cheart ceist ar bith maidir le cur i bhfeidhm an Chiorcláin seo a sheoladh trí ríomhphost chuig financialetb@education.gov.ie

---

**Teresa McNeill**
**Príomhoifigeach**
**Aonad Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin BOO**
**Márta 2024**

## Aguisín 1: Féilire dátaí – Toghchán ionadaithe Foirne chuig Bord BOOanna – 2024

### Vótaíocht

| Dáta | Gníomh |
|---|---|
| Dé hAoine 31 Bealtaine 2024 | Comhaireamh na vótaí (9am -  ). |
| Déardaoin 30 Bealtaine 2024 – 5pm | An dáta deiridh chun páipéir bhallóide chomhlánaithe a fháil. |
| Suas go Dé hAoine 10 Bealtaine 2024 | Dé hAoine 10 Bealtaine an dáta deiridh chun cáipéisí don toghchán a eisiúint (páipéir bhallóide). |
| Dé hAoine 26 Aibreán 2024 - Tráthnóna | Fógra Vótaíochta. |

### Ainmniúcháin

| Dáta | Gníomh |
|---|---|
| Dé hAoine 26 Aibreán - Iarnóin | Liosta na n-iarratasóirí ar fáil |
| Dé hAoine 26 Aibreán faoi Mheán Lae | Féadfaidh iarratasóirí tarraingt siar suas go dtí 12 meán lae |
| Déardaoin 25 Aibreán 2024, 2-5 pm | Rialú ar na hainmniúcháin |
| Déardaoin 25 Aibreán 2024 faoi 1pm | An dáta deiridh a nglacfar le hainmniúcháin |
| Dé hAoine 12 Aibreán 2024 | An dáta deiridh chun fógra toghcháin a thabhairt |

### Clár Toghthóirí

| Dáta | Gníomh |
|---|---|
| Dé hAoine 12 Aibreán 2024 | Clár Toghthóirí deiridh ar fáil. |
| Dé Céadaoin 10 Aibreán 2024 | Leasuithe ar chlár na dtoghthóirí le cur isteach faoi 5pm. |
| Dé Luain 8 Aibreán 2024 | Rolla Toghthóirí Sealadach ar fáil |
| Dé Luain 4 Márta 2024 | Baill foirne a bhí fostaithe ag an BOO ar an dáta seo i dteideal vótáil sa toghchán. |

## Aguisín 2 - Ceisteanna Coitianta – Toghchán Foirne chuig Bord BOO

### 1. Cumarsáidí

### 1.1 Conas ba chóir do BOO cumarsáid a dhéanamh le toghthóirí?

Seachas páipéar ballóide agus doiciméid ábhartha mar atá leagtha amach i Rialachán 18 a eisiúint, tá sé faoi dhiscréid an Oifigigh Chomhairimh cumarsáid a dhéanamh ar an gcaoi a shíleann sé nó sí atá cuí nó cibé céimeanna eile a shíleann sé nó sí is gá a ghlacadh. Tá an Roinn den tuairim gur bealaí cumarsáide úsáideacha iad ríomhphost, nuair is féidir, agus fógraí a chur ar shuíomh gréasáin an BOO.

### 1.2 An féidir le toghthóir seoladh eile a úsáid seachas a s(h)eoladh téarma ar an rolla toghthóirí chun críocha cumarsáide?

Tá cead ag toghthóirí a éileamh go n-athraítear an seoladh atá acu ar an rolla sealadach. Mar mhalairt air sin, b'fhéidir go mbeadh sé níos áisiúla dóibh a socruithe féin a dhéanamh maidir le post a sheoladh ar aghaidh chucu.

Ina theannta sin, níl srian ar na hOifigigh Chomhairimh na páipéir bhallóide agus cáipéisí ábhartha don toghchán a chur ach chuig an seoladh atá ar an gclár. De réir Rialacháin 18 (2) de IR 270 de 2014 is féidir seoladh eile a shíleann an tOifigeach Comhaireamh a bheith cuí a úsáid.

### 1.3 An gá páipéir bhallóide agus ábhar toghcháin eile a eisiúint chuig toghthóirí trí phost cláraithe?

Ní gá. Ba chóir a leithéid de cháipéisí a chur chuig toghthóirí trí ghnáthphost. Molann an Roinn don Oifigeach Comhairimh deimhniúcháin phostála a fháil.

### 1.4 Ar chóir postas réamhíoctha a úsáid do na clúdaigh chumhdaigh (chun na páipéir bhallóide chomhlánaithe a chur ar ais)?

Ba chóir. Ba chóir do BOOanna clárú le An Post mar úsáideoir gnó agus uimhir cheadúnais a fháil (féach www.anpost.ie agus lean na naisc do Chustaiméirí Gnó, Freagairt Ghnó-Saorphost. Is do gach BOO é socrú a dhéanamh maidir le priontáil na gclúdach litreach réamhíoctha nuair a fhaightear an uimhir cheadúnais.

Molann an Roinn go nglacfaidh Oifigeach Chomhairimh leis go dtarlóidh toghchán agus go leantar láithreach chun a leithéid a eagrú.

Tabhair faoi deara go molann An Post an clúdach Gnófhreagra mar an modh is oiriúnaí (féach www.anpost.ie).

### 1.5 Ar chóir d'Oifigeach Comhairimh cead a thabhairt eolas faoi iarratasóirí a chur ar shuíomh gréasáin an BOO?

Is gnó é seo don Oifigeach Comhairimh. Ionas nach bhféadfaí a thabhairt le fios, áfach, go raibh claonadh ar leith ag an BOO le hiarratasóirí ar leith, tá an Roinn den tuairim nár chóir a leithéid a dhéanamh ach ar na coinníollacha:

(a) go dtugtar deis do gach iarratasóir a leithéid d'eolas a chur ar fáil,
(b) go nglacann gach iarratasóir leis an deis, agus
(c) go bhfuil an tsuntasacht céanna ag gach iarratasóir ar an suíomh gréasáin.

### 1.6 Ar chóir go gceadófaí d'iarratasóirí cáipéisí bolscaireachta a bheith mar chuid den ábhar toghcháin a chuirfidh BOO chuig toghthóirí?

Tá an Roinn den tuairim nár cheart do BOO ábhar toghcháin a eisiúint thar ceann iarrthóirí.

## 2. Rolla na dToghthóirí

### 2.1 Cén socruithe ba cheart a dhéanamh maidir le rolla na dtoghthóirí?

(a) Ba cheart rolla na dtoghthóirí a chur ar fáil do na baill foirne sin ar mian leo a dheimhniú go bhfuil siad san áireamh ar an rolla nó ar mian leo a dheimhniú go bhfuil a sonraí ar an rolla cruinn.

(b) Toisc go bhféadfadh eolas pearsanta a bheith ar an rolla, ba chóir don Oifigeach Comhairimh a dheimhniú:

i. go ndéantar rolla na dtoghthóirí a choimeád slán agus nach bhfuil sé le feiceáil in áit phoiblí, lena n-áirítear áit ar a mbíonn fáil ag daltaí nó ag foghlaimeoirí air;

ii. nach ndéantar rolla na dtoghthóirí a thraschur go leictreonach;

iii. nach bhfuil aon eolas ar rolla na dtoghthóirí seachas ainm agus seoladh toghthóra mar aon lena (h)uimhir uathúil.

(c) Ag deireadh phróiseas na toghchánaíochta ba chóir don Oifigeach Comhairimh cóip den rolla toghchánaíochta, a d'fhéadfadh a bheith i bhformáid leictreonach, a choinneáil go slán sábháilte ar feadh tréimhse dhá mhí déag agus ag an bpointe sin ba chóir é a scriosadh. Ba chóir gach cóip eile a scriosadh díreach tar éis chríoch le próiseas na n-ainmniúchán.

### 2.2 An féidir le hiarratasóirí fáil a bheith acu ar rolla na dtoghthóirí?

Tar éis an rialaithe ar ainmniúcháin, is féidir le hiarratasóirí cruachóip de rolla na dtoghthóirí atá á choinneáil go slán in ardoifig an BOO a rochtain. Níl cead ag iarratasóirí, áfach, cóip den rolla nó de chuid den rolla a dhéanamh ná a choimeád.

## 3. An próiseas ainmniúcháin

### 3.1 Ar chóir d'ainmní a s(h)eoladh oibre nó baile a úsáid ar an bhfoirm dearbhaithe?

Moltar d'ainmnithe a seoltaí oibre a úsáid ar an bhfoirm dearbhaithe.

### 3.2 Ar chóir d'ainmnitheoir a s(h)eoladh oibre nó baile a úsáid ar an bpáipéar ainmniúcháin?

Iarrtar seoladh oibre na n-ainmnithe ar an bpáipéar ainmniúcháin.

### 3.3 An féidir le seachvótálaí an fhoirm toilithe a shíniú?

Ní féidir.

### 3.4 An féidir le hainmní níos mó ná páipéar ainmniúcháin amháin a shíniú?

Ní féidir. Ní mór d'ainmnitheoirí a dhearbhú ar an bpáipéar ainmniúcháin nach bhfuil aon ainmniúchán eile sínithe acu agus ba chóir don ainmní iarradh orthu siúd atá i gceist aige/aici mar ainmnitheoirí é seo a dheimhniú.

## 4. Páipéir Bhallóide

### 4.1 Cé ata freagrach as priontáil na bpáipéar ballóide a eagrú?

Beidh an fhreagracht as priontáil na bpáipéar ballóide ar gach BOO. Ba chóir a leithéid a dhéanamh "sa teach" gan úsáid a bhaint, más féidir, as seirbhís priontála lasmuigh.

### 4.2 Cad í formáid na bpáipéar ballóide?

Ba chóir páipéir bhallóide a bheith leagtha amach mar atá sa teimpléad i Sceideal na rialachán. Moltar go ndéantar páipéir bhallóide ar leith a phriontáil do thoghchán baill ó phainéal na n-iarratasóirí baineann agus do thoghchán baill ó phainéal na n-iarratasóirí fireann, agus go gcuirtear dathanna difriúla orthu seo chun cuidiú le próiseas an

chomhairimh. Ba chóir na páipéir bhallóide a uimhriú go seicheamhach, ag tosú le huimhir 1. Ní cóir an uimhir chéanna a bheith ar aon dá pháipéar ballóide.

## 5. An Marc Oifigiúil

### 5.1 Cathain a chuirfear an marc oifigiúil in iúl do na hOifigigh Chomhairimh?

Cuirfidh an Roinn an "marc oifigiúil" in iúl do na hOifigigh Chomhairimh go luath agus ba chóir d'fhoireann BOO é a leagann ar pholltóirí. Ba chóir nach mbeadh an t-eolas maidir leis an marc oifigiúil ach ag an Oifigeach Comhairimh, ag an Leas-Oifigeach Comhairimh agus ag na baill foirne úd atá gafa leis an bpróiseas.

### 5.2 An féidir na páipéir a mharcáil leis an marc oifigiúil roimh an spriocdháta d'ainmniúcháin?

Chun an t-ualach oibre idir dhúnadh na n-ainmniúchán agus eisiúint na n-ábhar toghchánaíochta chuig toghthóirí a laghdú, tá an Roinn den tuairim go bhfuil sé ceart go leor do na hOifigigh Chomhairimh socrú a dhéanamh páipéir gan aon rud orthu a chur á marcáil, ar a ndéanfar na páipéir bhallóide a phriontáil ina dhiaidh sin, roimh an spriocdháta chun ainmniúcháin a fháil. Mar sin féin, ina leithéid de chásanna, caithfidh an tOifigeach Comhairimh na páipéir uile a choimeád go slán sábháilte gach uile uair. Ba chóir aon pháipéir a bhfuil a leithéid de mharc orthu a scriosadh láithreach nuair is léir nach mbeidh gá leo a thuilleadh.

### 5.3 Conas mar a éireoidh le hOifigeach Comhairimh polltóirí a rochtain?

Eagróidh an Roinn go n-eiseofar polltóirí chuig an BOO fáil ag na BOO.

### 5.4 Cad a ba chóir a dhéanamh leis na polltóirí ag deireadh an phróisis toghcháin?

Ba chóir na polltóirí a chur ar ais go dtí an Roinn. Déanfar teagmháil arís leis na Príomhfheidhmeannaigh ina leith seo nuair a bheidh na toghcháin thart.

## 6. An Próiseas Vótála

### 6.1 An gá d'fhinné don fhoirm dearbhaithe aitheantais a bheith ina b(h)all den BOO?

Ní gá. Is é an t-aon choinníoll ná go bhfuil aithne phearsanta ag an bhfinné ar an toghthóir agus go sínítear an dearbhú i láthair an toghthóra.

### 6.2 Cad a luann finné atá dífhostaithe mar a f(h)ostaíocht ar an bhfoirm um dhearbhú aitheantais?

Is féidir leis an duine sin leas a bhaint as an téarma “dífhostaithe” nó “gan post”.

## 7. Boscaí Ballóide

### 7.1 Cén fhreagracht atá ar an Oifigeach Comhairimh maidir leis na boscaí ballóide?

Chun iontaofacht an phróisis toghcháin a chaomhnú, tá sé rí-thábhachtach na boscaí ballóide a choimeád go slán sábháilte. Dá réir sin, ba chóir na boscaí ballóide a choimeád i bpríomhoifig an BOO agus gan rochtain a bheith orthu ach ag an Oifigeach Comhairimh, ag an Leas-Oifigeach Comhairimh nó ag baill foirne eile a bhfuil sé mar chúram orthu na clúdaigh chumhdaigh a chur sa bhosca ballóide (agus an líon foirne seo teoranta).

### 7.2 Cad ba chóir a dhéanamh leis na boscaí ballóide ag deireadh an phróisis vótála?

Ag deireadh na vótála ba chóir don Oifigeach Comhairimh an bosca ballóide a dhúnadh lena s(h)éala agus a dheimhniú nach féidir aon pháipéir eile a chur isteach. Molann an Roinn go ndéanfadh na hOifigigh Chomhairimh teagmháil leis an Oifigeach Comhaireamh/na Cláraitheoirí Contae chun séalaí céarach a fháil don ghnó seo.

Ba chóir boscaí ballóide a choimeád go slán sábháilte sula dtarlaíonn an comhaireamh, go hídéalach i lárionad an chomhairimh nó gar dó.

### 7.3 Cad a ba chóir a dhéanamh leis na boscaí ballóide ag deireadh an phróisis toghcháin?

Ba chóir don Phríomhfheidhmeannach socruithe a dhéanamh go háitiúil chun na boscaí ballóide a chur ar ais faoi chúram an Chláraitheora Contae/Oifigigh Chomhairimh.

## 8. Fáil na gclúdach cumhdach (páipéir bhallóide comhlánaithe)

### 8.1 Cén nós imeachta laethúil ba chóir a bheith ann le linn na tréimhse ina mbíonn na páipéir bhallóide ag teacht isteach?

Molann an Roinn go ndéanfadh an tOifigeach Comhairimh, an Leas-Oifigeach Comhairimh nó ball foirne a ainmnítear chuige, na clúdaigh chumhdaigh a dheighilt ón bpost eile láithreach nuair a thagann an post laethúil, agus na clúdaigh seo a chur sa bhosca ballóide. Ba chóir an bosca ballóide a dhaingniú láithreach ionas nach mbeidh teacht ar an mbosca, ach ag daoine cuí amháin.

### 8.2 Cad a tharlaíonn má fhaigheann Oifigeach Comhairimh páipéar ballóide ar bhealach eile seachas tríd an bpost?

Ba chóir clúdaigh chumhdaigh a fhaightear lasmuigh den phost a fhágáil gan oscailt, agus iad a fhormhuiniú "níor tháinig tríd an bpost" agus ba chóir go gcoimeádfadh an tOifigeach Comhairimh iad ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mí tar éis an toghchán a bheith thart, tráth gur féidir leis an Oifigeach Comhairimh iad a dhiúscairt.

## 9. Lá an chomhairimh

### 9.1 Cén áit ar chóir lárionad an chomhairimh a lonnú?

Baineann an gnó seo leis an Oifigeach Comhairimh, ach d'oirfeadh scoil nó ardoifig BOO ina bhfuil saoráid stórála ata slán sábháilte.

### 9.2 Cé mhéid ball foirne/cén gráid foirne ba chóir bheith i láthair ar lá an chomhairimh?

Tá sé seo faoi dhiscréid an Phríomhfheidhmeannaigh, ach ba chóir na huimhreacha agus na costais a choinneáil ag an íosmhéid atá riachtanach chun an toghchán a reáchtáil ar bhealach cuí agus slán.

Is é an t-íosleibhéal foirne a mholtar ná duine nó beirt ag Grád III/IV, duine sinsearach riaracháin (Grád VI) agus Oifigeach Comhairimh.

## 10. Foireann bhreise

### 10.1 An féidir le BOO foireann bhreise a earcú chun críocha an toghcháin?

Ní féidir. Níl discréid ag Príomhfheidhmeannaigh maidir le baill foirne bhreise a earcú.

## 11. Costais

### 11.1 An gcúiteoidh an Roinn costais bhreis a bhaineann leis na toghcháin?

Cúiteoidh. Cúiteoidh an Roinn costais bhreise a bhíonn ag BOO mar thoradh ar an bpróiseas toghcháin. Ba chóir na costais a choinneáil chomh híseal agus is féidir chun na toghcháin a reáchtáil de réir riachtanas Rialachán agus an chiorcláin seo. Ba chóir do Phríomhfheidhmeannaigh éilimh a chur chuig Rannóg Airgeadais BOO ag deireadh an phróisis toghcháin.

D'fhéadfadh na costais seo a bheith i gceist:

- Pá (seachas ragobair);
- Pá ragoibre (más ann – sonraí le cur ar fáil);
- Costais postais;
- Costais priontála
- Costais ábhar.

Ba chóir iarratais ar aisíocaíochtaí a dhéanamh faoi na teidil thuasluaite. Má bhíonn aon chostas lasmuigh de na teidil thuasluaite, ba chóir costais a shainaithint go soiléir.